

# ☘ An Lúibín ☘

29 Eanáir 2014

## An Breathnach agus a scéal

Tá iomrá éigin leis an Dr John Walsh (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) de bharr a bhfuil scríofa aige faoin leas is féidir a bhaint as an nGaeilge i gcúrsaí socheacnamaíochta. Tá baint aige leis an tionscadal ‘New Speakers in a Multilingual Europe,’ atá á mhaoiniú ag an AE. Ar na teangacha eile atá i gceist tá Bascais, Catalóinis, Gailísis agus Gàidhlig. I gcás na Gaeilge deir Walsh gur ‘cainteoir nua’ aon duine a d’fhoghlaim Gaeilge lasmuigh den bhaile. Is mian leis an tionscadal a fháil amach cén fáth ar thug na daoine úd faoin nGaeilge, cén dearcadh atá acu ina leith, conas a théann labhairt na teanga a bhfeidhm orthu agus cén caidreamh atá acu ar chainteoirí dúchais (‘The surprising people speaking up for Irish,’ *Irish Examiner*, 31 Nollaig 2013).

Cuireadh agallamh ar roinnt cainteoirí ó thíortha iasachta. Deir an Breathnach gur díol spéise iad mar ghrúpa mar ní thugann siad leo na seantuarimí faoin teanga atá ag a lán Éireannach. B’fhéidir gur de shliocht Éireannach iad nó gur mian leo eolas níos doimhne a fháil ar chultúr na hÉireann. Tá a fhios aige go bhfuil mac léinn ó Phoblacht na Seice ag foghlaim Gaeilge agus go bhfuil roinnt Afracach in iarthar na hÉireann á foghlaim. Tá daltaí ó thíortha iasachta i scoileanna lán-Ghaeilge, daoine a bhfuil cúpla teanga eile acu agus suim acu i dteangacha nua. Ní ualach orthu an Ghaeilge, agus uaireanta tá fonn ar thuismitheoirí na ndaltaí úd an teanga a fhoghlaim. Tríd is tríd tá meas ag na hÉireannaigh ar eachtrannaigh a fhaigheann máistreacht ar an nGaeilge, cé go bhfuil Éireannaigh ann atá ag doicheadall roimh Spáinneach nó Fhrancach arb fhearr a gcuid Gaeilge ná a gcuid Gaeilge féin.

Deir an Breathnach go bhfuil staidéar déanta cheana ar Ghaeilge ag formhór na n-eachtrannach atá á foghlaim in OÉ Gaillimh. Tá sí á múineadh ina lán ollscoileanna lasmuigh d’Éirinn: is féidir Gaeilge a fhoghlaim sa Pholainn féin agus tá neart ollscoileanna i Meiriceá Thuaidh a bhfuil sí á múineadh. Deir an Breathnach go bhféadann eachtrannaigh an-ghreim a fháil ar an teanga: tá fonn mór ar na cainteoirí nua í a fhoghlaim agus ní chuireann na deacrachtaí drochmhisneach ar bith orthu. Labhraíonn siad an teanga gan stró agus is áil leo a gcuid Gaeilge a fheabhsú, fiú agus í ar fheabhas acu cheana.

Tá cuid Éireannach ag foghlaim Gaeilge chun droim láimhe a thabhairt don náisiúnachas. Deir an Breathnach gur minic dearcadh liobrálach ag daoine óga i leith an tsaoil agus fáilte acu roimh an ilghnéitheacht, agus go bhfuil a rian seo ar an gcuma nua atá ag teacht ar an teanga. Tá rudaí nua á ndéanamh: is maith le daoine éigin na rialacha a bhriseadh, cé gur fearr le daoine eile cloí le seanchaint na Gaeltachta. Is é bun agus barr an scéil go mbíonn an teanga ag athrú.

## *Dul chun cinn socheacnamaíoch*

Is fada an Breathnach sáite i gceist na Gaeilge mar uirlis shocheacnamaíoch.<sup>1</sup> Deir sé (rud ba dheacair a shéanadh) go ndearna formhór na scoláirí ceist na teanga a sheachaint nó a mhaolú, agus gur theip orthu a fhiafraí cén chiall a d’fhéadfaí a bhaint as iompú mear teanga agus na hiarrachtaí a tugadh ar é a chur ar ceal in Éirinn.

<sup>1</sup> John Walsh (tráchtas Dochtúireachta), ‘The Influence of the Promotion of Irish Language on Ireland’s Socio-Economic Development’: [http://doras.dcu.ie/16977/2/john\\_walsh\\_SC.pdf](http://doras.dcu.ie/16977/2/john_walsh_SC.pdf)

Deir an Breathnach go nglactar leis de ghnáth gur cuid de nua-aoisiú na tíre meath na Gaeilge agus tugtar le tuiscint go bhfuil sí marbh. Ní dhéantar scagadh ar thorthaí an mheatha sin i gcúrsaí sóisialta, cultúir agus gilleagair ná ar an nGaeilge mar theanga bheo atá á labhairt ar fud na tíre.



### Teannadh an sparáin

Tá Foras na Gaeilge (tiarnas tras-teorann na teanga) tar éis a fhógairt go laghdóidh sé an méid eagraíochtaí Gaeilge atá ag fáil bunmhaoiniú ó naoi gcinn déag go sé cinn.

Is iad na heagraíochtaí a gheobhaidh an t-airgead feasta Gaelscoileanna, Conradh na Gaeilge, Gael Linn, Oireachtas na Gaeilge, Glór na nGael agus Cumann na bhFiann. An Tuaisceart a bheidh thíos leis, mar caillfidh na heagraíochtaí atá bunaithe ann (Pobal, Forbairt Feirste agus Iontabhas Ultach) cuid mhaith den seanmhaoiniú. Táthar á fhiafraí cheana cé cuideoidh leis na Protastúnaigh atá ag foghlaim Gaeilge mura mbeidh Iontaobhas Uladh ann.

Tá an Foras chun Fóram Forbartha Teanga a bhunú le comhairle agus tuairimí phobal na Gaeilge a bhailiú agus a chur i bhfeidhm.



### Idirghabháil 2

*Portráid 2 i sraith de phortráidí de dhaoine, idir eachtrannaigh agus Ghaeil, a bhí fite fuaite i saol achramnach guagach an 16ú agus an 17ú haois in Éirinn.*

Richard Boyle



Richard Boyle, 1ú hIarla Chorcaí.  
Wikipedia Commons

Ar 3 Deireadh Fómhair 1566, le linn Eilís I, a saolaíodh Richard Boyle in Kent. Fiontraí an-abálta a bheadh ann, fear a thapódh gach deis a thiofadh ina bhealach chun bun a chur air féin in Éirinn, agus a bhainfeadh leas as treascairt na seantiarnaí Gaelacha. Tógadh é mar dhuine de mhionuaisle an cheantair sa bhaile. Thosaigh sé ag déanamh staidéir ar an dlí agus ar scileanna cléirigh sna cúirteanna ach thréig sé an cheird sin, agus tar éis bháis dá mháthair bheartaigh sé bualadh amach ‘into foreign Kingdoms and to gain learning, knowledge and experience abroad in the world’.

Ar Éirinn a thug sé a aghaidh in aois a dhá bhliain is fiche, ós ann a bhí Domhan Nua agus deis fiontraíochta. Thug sé leis ‘a new suit of Milan fustian, laced and slashed with taffety, a rapier and dagger, a gold bracelet that was worth ten pounds’ agus fáinne diamant a thug a mháthair dó (agus nár fhág a mhéar riamh). I mBaile Átha Cliath fuair sé pátrúnacht ó dhaoine mór le rá, ar nós Rúnaí an Stáit, an Ridire Geoffrey Fenton.

Tháinig sé go tráthúil. Bhí éirí amach Iarla Dheasmhumhan curtha faoi chois agus bhí tailte ann le coigistiú. Bhí caoi ag Boyle ar a chuid oiliúint dlí a chur chun sochair agus ar dhul i mbun oibre mar eisatóir – duine a raibh sé de ghnó aige cearta na Coróineach a dheimhniú san áit a raibh siad ligthe i léig nó forghéillte de dheasca tréasa. Bhí sé in ann fianaise a chíoradh agus fabhtanna i gcáipéisí a léiriú. Bhí deiseanna ann chun breabaireachta agus chun cogair i gcluas, agus bhí Boyle thar a bheith seiftiúil sna cúrsaí sin. An mhaoín ar athghabh sé seilbh uirthi don Choróin d’fhan cuid mhór di ina sheilbh féin.

Níorbh fhéidir leis a bheith chomh glic agus chomh huailmhianach sin gan naimhde cumhachtacha a tharraingt air féin, rud a tharla go minic i rith a shaoil. Níorbh annamh sactha i mbraighdeanas é agus caimiléireacht curtha ina leith, mímhacántacht i gcúrsaí airgid, b’fhéidir, nó fiú spiaireadóireacht ar mhaithe le Rí na Spáinne. D’éirigh leis riamh é féin a fhuascailt, cé gur fágadh smál ar a chluí.

Phós sé Joan Apsley, bean óg uasal, i Luimneach sa bhliain 1595 – cleamhnas a rinneadh ar son na maoinne, is dócha, ar nós a lán eile. B’fhiú an saothar é: bhí gabháltais aige dá bharr agus é áirithe anois ar uaisle na Mumhan. Ach cailleadh Joan agus a leanbh i leaba luí seoil agus bhí Cúige Mumhan suaite de bharr reibiliún mór na nIarlaí. D’éirigh le Boyle éalú ó Dhaingean go Bristol agus as sin go dtí cúirt Eilíse. Bhí a shean-naimhde sna sála fós air, ach ceapadh ina chléireach é ar Chomhairle na Mumhan, cheannaigh sé eastát mór in Éirinn ón Ridire Walter Raleigh agus phós sé Katherine Fenton, ‘the only daughter of Sir Geoffrey Fenton, principal Secretary of State and Privy Councillor in Ireland,’ sa bhliain 1603. Rugadh cúigear déag clainne dóibh. Thaispeáin sé cuid den mhianach a bhí ann mar choilíneach nuair a chuir sé bruihniú iarrainn agus tionscal fíodóireachta ar bun i nDroichead na Bandan agus a thug coilínigh Shasanacha isteach. Chuir sé tionscail eile ar bun ina lán bailte móra eile. faoina choimirce agus cead ag páistí Éireannacha freastal orthu.

Sa bhliain 1620 rinneadh Iarla Chorcaí de tar éis dó roinnt teideal eile a ghnóthú. Fuair sé bás ar 15 Meán Fómhair 1643 agus é fíorshuibhir. Faoin am sin bhí a chuid tailte cailte aige de bharr reibiliún 1641, ach rinne a chlann mhac iad a athghabháil. Ba dheacair cuimhneamh ar aon duine eile a bhain an oiread sin leasa as coilíní na hÉireann.

### *An saol Gaelach*

Tháinig bá éigin ag Boyle le hÉirinn le himeacht aimsire, rud a tharla i gcás a lán de choilínigh a linne. Léiríonn teistíochtaí a tógadh i ndiaidh Reibiliún 1641 gur mhínic páistí na gcoilíneach ar altranas i dteaghlaigh Ghaelacha. B’Éireannaigh (agus cainteoirí Gaeilge) cuid de na cuiditheoirí a bhí ag Boyle i dtús a réime, bhí searbhóntaí de chuid na tíre aige agus bhí fáilte aige roimh Éireannaigh mar thionóntaí. Rinne sé iarracht ar ghinealach dúchasach a bheartú dó féin agus ba mhínic caidreamh cultúrtha aige ar a chomharsana Gaelacha.

Ní raibh Gaeilge aige féin ach thuig sé cén tábhacht a bhí léi sa saol úd, agus d’fhéach sé chuige go dtabharfaí ceachtanna sa teanga Ghaeilge dá chlann mhac. Bhí sí go maith ag Roger, an mac ba shine aige, más fíor, ach fuair an páiste úd bás in aois a naoi mbliana. I Sasana agus ar an Mór-Roinn a tógadh an chuid eile agus ní raibh siad gaelaithe d’ainneoin na gceachtanna.

Bhí baint shuimiúil aige leis na Feiritéaraigh, teaghlach de chuid na Sean-Ghall a bhí seanfhréamhaithe in iarthar Chiaráí, agus go háirithe le Piaras Feiritéar, duine d’fhillí móra a linne. Fuair sé tailte na bhFeiritéarach ar “mhorgáiste Gaelach” sa bhliain 1622.<sup>2</sup> Níor éirigh leis na Feiritéaraigh na fiacha a ghlanadh ach fágadh ann iad (mar ba ghnách le Boyle) mar thionóntaí. Dealraíonn sé gur thaitin na Feiritéaraigh, mionuaisle áitiúla, le Boyle, agus déanann Piaras tagairt ómósach don Iarla ina chuid filíochta. Sna 1640í tharla an scoilt mhór: crochadh Piaras mar cheannairceach dá bharr.

### *Le léamh:*

\* Mhac an tSaoi, Máire. *Cérbh í Meg Russell?* Leabhar Breac 2008.

<sup>2</sup> Thabharfadh an t-úinéir úsáid na talún do dhuine eile ar íocaíocht suim airgid. Mura n-éireodh leis an úinéir an talamh a fhuascailt d’fhágfaí é i lánseilbh an duine eile feasta.

\* Canny, Nicholas P. *The Upstart Earl: A Study of the Social and Mental World of Richard Boyle, First Earl of Cork, 1566-1643*. Cambridge University Press 1982.



### **An Afracáinis: teanga ghorm, teanga bhán**

Thosaigh an Afracáinis ag scaradh leis an Ollainnis san 18ú haois, ach níor bhain sí lánstádas oifigiúil amach go dtí an fichiú haois. San aois sin d'fhág dúire agus foréigean bheartas an *Apartheid* smál uirthi agus í mar theanga dhúchais ag baicle náisiúnaithe a raibh rún acu na gormáin a choinneáil faoi chois. Theip ar an *Apartheid* de bharr dhásacht an phobail ghorm agus déine na smachtbhannaí, ach is minic nach dtuigtear fós gur teanga í an Afracáinis a bhí á labhairt riamh ag pobal mór neamhbhán – na *Bruinmense* ('Coloureds'), dream de shliocht an-mheasctha. Iadsan is túsce a bhain feidhm as an ainm 'Afrikaner'.

San Afraic Theas tá timpeall seacht milliún cainteoirí Afracáinise, agus is iomaí duine a labhraíonn í i bPoblacht na Namaibe (atá sa chrích ag an Afraic Theas) mar an dara teanga. Is teanga oifigiúil í san Afraic Theas agus í ar chomhchéim le Béarla agus le naoi dteanga Afracacha eile. Tá brú ann ón mBéarla: fiú sa bhliain 1976 d'éirigh daltaí gorma meánscoile amach in Soweto mar agóid i gcoinne úsáid na hAfracáinise mar theanga theagaisc in áit an Bhéarla. Ach b'agóid pholaitiúil í sin, agus is beag baint a bhí aici le labhairt na teanga sna ceantair ar láidre í.

Tá canúint dá gcuid féin, Kaapse Taal, ag pobal Cape Town (Kaapstad). Cé gur de shliocht measctha na daoine seo go léir, ní hionann an meascán i ngach ceantar. Dream ilteangach iad: is minic iad ag tarraingt Kaapse Taal, Afracáinis chaighdeánach agus Béarla orthu féin as éadan a chéile. Bhí cainteoirí Afracáinise de shliocht measctha páirteach sa troid i gcoinne *Apartheid* agus beartais eile den saghas céanna a bhí ann roimhe sin.

De réir an an tsuirbhé *futurefact*, deir cainteoirí dúchais Afracáinise gur Afracaigh iad go bunúsach, ach tá tréithe sóisialta na teanga ag athrú. Tá an oiread céanna cainteoirí de shliocht measctha agus cainteoirí bána sa mheánaicme anois, ach is mó an líon cainteoirí de shliocht measctha atá le fáil i measc an lucht oibre, agus is iomaí cainteoir bán a bhain amach an uas-mheánaicme agus an uasaicme. Níl fáil ach ag 18% de na cainteoirí donna ar an idirlíon le hais 47% de na cainteoirí bána. Tríd is tríd, ní dóigh le cainteoirí de shliocht measctha go bhfuil siad an-chosúil le cainteoirí bána i gcúrsaí cultúir, polaitíochta agus sóisialta. Tá a rian sin le feiceáil ar chúrsaí oideachais. Tá claonadh ag daoine óga de shliocht measctha chun iompú ar an mBéarla, ach b'fhearr le tuismitheoirí bána oideachas trí Afracáinis a chur ar a gclann.<sup>3</sup> Is baolach mar sin go gcaillfidh an teanga cuid éigin den ilghnéitheacht agus den bheocht a bhain léi riamh.

### **An teanga scríofa**

Ba mhór an t-ardú céime don teanga an t-aistriúchán Afracáinise den Bhíobla a tháinig amach sa bhliain 1933. Tháinig borradh faoin litríocht, agus le linn *Apartheid* bhí scríbhneoirí Afracáinise orthu siúd ba mhó a chuir in aghaidh bheartais an rialtais. Anois tá fuinneamh ar leith sa litríocht Afracáinise, agus baint nach beag ag scríbhneoirí nach Afracánaigh iad leis an scéal. Orthu sin tá Adam Small, duine de shliocht measctha a bhfuil baint aige leis an 'Black Consciousness Movement' (die Swart Bewussynsbeweging) agus cuntas tugtha aige ar shaol a leithéidí le linn *Apartheid*. Baineann sé feidhm éifeachtach as Kaapse Afrikaans :

die Here het gaskommel  
en die dice het verkeerd geval vi' ons  
daai's maar al...<sup>4</sup>

<sup>3</sup> 'The minds and moods of the Afrikaans market,' Jos Kuper, 15 July 2013: <http://themediainline.co.za/2013/07/the-minds-and-moods-of-the-afrikaans-market/>

<sup>4</sup> 'Die Here het gaskommel' : *Poetry International* : <http://www.poetryinternationalweb.net/pi/site/poem/item/18107/auto/THE-LORD-HAS-ROLLED-THE-BONES>. Tá alt ar Small (in Afracáinis) le fáil in Hein Willemsse agus Steward van Wyk, 'Adam Small,' *Tydskrif Vir Letterkunde*: [http://www.letterkunde.up.ac.za/argief/49\\_1/01%20Willemsse%20&%20Van%20Wyk%20WEB%2004.pdf](http://www.letterkunde.up.ac.za/argief/49_1/01%20Willemsse%20&%20Van%20Wyk%20WEB%2004.pdf)

*Chaith Dia na díslí agus thit siad go contráilte, sin an méid...*

Sampla den chlaochlú polaitiúil is ea an nuachtán *Die Burger*. Ba é páipéar oifigiúil an Pháirtí Náisiúnta (páirtí mór Apartheid) é tráth, ach sa bhliain 1990 dúirt an t-eagarthóir Ebbe Dommissie leis an bpáirtí nach labhródh an páipéar ar a shon feasta. Sa bhliain 1999 ceapadh eagarthóir liobrálach (Arrie Rossouw) agus sa bhliain 2006 ceapadh Henry Jeffreys, an chéad eagarthóir gorm. Ní shamhlófá riamh fadó go scríobhfadh iriseoir píosa don pháipéar le hómós do Nelson Mandela (Madiba).

Heel dikwels ontnem die dood ons iets kosbaars – iets waarvan ons slegs die volle waarde besef wanneer dit nie meer daar is nie. Madiba was so iemand. (*Is minic a bhaineann an bás rud luachmhar dinn – rud nach ndéanaimid a luach a mheas go dtí nach bhfuil sé ann a thuilleadh. Duine den saghas sin ba ea Madiba.*)<sup>5</sup>



## Dícheall agus doicheall

Ní haon scéal nua é an doicheall, san Astráil ná i dtíortha eile. Is iomaí Iodálach óg agus Gréagach an t-ainm spídiúil ‘wog’ i gclós scoile sna caogaidí. Ansin tháinig na chéad ‘boat people’ - na Vítneamaigh a bhain an Astráil amach i ndiaidh ghabháil Saigon. Bhí doicheall rompu siúd freisin ach ní bhíodh polaiteoirí agus blaoiscéirí á chur in iúl gurbh iad an phlá ba mhó a bhuail an tír riamh iad.

Tá teifigh ag teacht go fóill i mbáid bheaga lofa agus ba dhóigh leat an uair seo go raibh an tír i mbaol a múchta acu (cé nach bhfuil iontu ach an chuid is lú de theifigh an domhain). Tá scéal an ghamhna bhuí déanta de agus is deacair d’aon duine atá réasúnta neamhchlaonta an coipeadh mór a thuiscint. Féach na figiúirí suimiúla seo ó shuirbhé de chuid UMR Research ([www.umar.com.au](http://www.umar.com.au)): measann 57% de phobal beannaithe na hAstráile nach fíordhídeanaithe atá sa teifigh úd; ba mhaith le 60% go mbeifí níos déine ar iarrthóirí tearmainn; measann 59% nach cóir don rialtas cúnaimh rialtais ar bith a thabhairt do na hiarrthóirí céanna. (Ní chuimhníonn lucht ‘cosanta’ na tíre go bhfuil idir 70% agus 97% de lucht na mbád aitheanta mar fhíordhídeanaithe, de réir na tréimhse.) Cáinte ar na smuigléirí a sheolann daoine amach i mbáid gan acmhainn farraige, faoi mar gurb é sin bun agus barr an scéil.

Deir Coinbhinsiún na Náisiúnta Aontaithe um Theifigh (atá sínithe ag an Astráil) go bhfuil ceart ag teifigh chun teacht i dtír ar lorg tearmainn, is cuma conas a thagann nó cé na caipéisí atá acu. Ní hé go bhfuil siad ag briseadh isteach sa ‘scuaine’, mar a deirtear uaireanta; glactar leis go bhfuil cead ag teifigh tearmann a iarraidh agus iad tagtha i dtír. Tá méadú ar an líon teifeach nach féidir leo campaí dídine a bhaint amach thar lear, áit a bhféadfaidís iad féin a chur ‘ar an liosta’. Níl de rogha ag mórán acu ach tearmainn a lorg níos faide anonn. I gcomórtas le tíortha eile, ní fhaigheann an Astráil ach fíorbheagán iarratais tearmainn; ach tá sí ar an mbeagán tíortha a chuireann coinneáil éigeantach i bhfeidhm ar theifigh gan víosaí, fiú agus a fhios againn nach dtéann daoine i bhfolach má tá tearmainn á lorg acu.

Tá dhá chláir dídine curtha ar bun ag an Astráil, ceann do dhaoine a iarrann tearmann tar éis dóibh an tír a bhaint amach agus ceann eile do dhídeanaithe aitheanta atá le hathlonnú san Astráil. Tá nasc eatarthu: má thugtar víosa cosanta do dhuine den chéad ghrúpa, baintear áit den dara chláir. Ba cheart an nasc seo a dhéanamh an-soiléir nó é a bhriseadh ar fad.

Ní dócha, ar aon chuma, go mbeadh lucht iarrtha tearmainn ag plódú isteach orainn. Is oileán í an Astráil agus í iargúlta go maith, rud a fhágann gur deacair teacht i dtír ann. Ní baol do shlándáil na tíre iad ach oiread; ní dhiúltaíonn an Australian Security and Intelligence Organisation (ASIO) ach do bheagáinín díobh.

Is é an chuid is aistí den scéal seo teifigh a chur á bpróiseail i lárionaid chúnga i Nua-Ghuine Phapua agus i Nárú seachas i gcóir na gcangarúnna. Is costasáí go mór é sin ná an obair a dhéanamh sa bhaile, gan trácht ar an drochriarachán agus an drochíde a luaitear leis na háiteanna úd. Tá lárionad Oileán Manus (i Nua-Ghuine Phapua) feannta ag UNHCR (gníomhaireacht dídeanaithe an AE): ‘Cumulatively, the harsh conditions for asylum-seekers at the RPC [Refugee Processing Centre], the slowness of RSD processing and the lack of clarity

<sup>5</sup> ‘Wat alles by’n oop kis gebied word,’ Nolan Venter, *Die Burger*, 19 Nollaig 2013: <http://www.dieburger.com/opinie/2013-12-19-wat-alles-byn-ooop-kis-gebied-word>

regarding RSD processes and approximate timeframes for durable solutions for refugees, create a deterrent effect...'. Ba dhóigh leat gur breá leis an gcoitiantacht polasaí úd an choisc, ach níl na polaiteoirí in ann a mhíniú conas a chuireann an leatrom agus an drochíde le clú agus cosaint na tíre. Tá rialtas Nárú ag gearradh táille \$8,000 anois ar iriseoirí ar mian leo víosa a fháil – dóigh iontach chun iad a choinneáil amach agus rudaí éigin a cheilt!

Achrann, cogadh agus drochúsáid is mó is cúis le daoine a bheith ag éalú agus ní furasta dóibh tearmann a fháil. An chuid is mó de na tíortha máguaird níl de chumas acu an tearmann úd a thairiscint. Ó thaobh an riaracháin de, ba chóir na teifigh a phróiseáil san Astráil féin seachas in áiteanna amach ón gcósta, mura mbeadh de chúis leis ach gurb é sin an bealach is éifeachtaí chun an jab a dhéanamh. Ní féidir na polaiteoirí a cháineadh as gach botún, ach sa chás seo bhain a lán acu leas claonta as an scéal ar mhaithe leo féin. Ach tá an feall ag fillleadh ar an bhfeallaire: níl de thoradh ar an gcoipeadh anois ach beartais a bhfuil rian an mhearbhaill orthu.

CR

### *Féach*

\* <http://www.refugeecouncil.org.au/>

\* 'Doctors reveal 'harmful' standards of medical care for asylum seekers,' David Marr, *The Guardian*, 20 Nollaig 2013: <http://www.theguardian.com/world/2013/dec/19/revealed-doctors-outrage-over-unsafe-refugee-patients>

\* UNHCR monitoring visit to Manus Island, Papua New Guinea, 23 to 25 October 2013: <http://unhcr.org.au/unhcr/images/2013-11-26%20Report%20of%20UNHCR%20Visit%20to%20Manus%20Island%20PNG%2023-25%20October%202013.pdf>

\* UNHCR Nauru Monitoring Report: [http://unhcr.org.au/unhcr/images/2012-12-14%20nauru%20monitoring%20report%20final.pdf?\\_ga=1.56866858.1677970114.1387746642](http://unhcr.org.au/unhcr/images/2012-12-14%20nauru%20monitoring%20report%20final.pdf?_ga=1.56866858.1677970114.1387746642)

\* 'UN refugee agency condemns Australia's offshore detention regime,' Oliver Laughland, *The Guardian*, 26 Samhain 2013: <http://www.theguardian.com/world/2013/nov/26/un-refugee-agency-condemns-australias-offshore-detention-regime>

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## **Richard Boyle**

Rugadh Richard Boyle in Kent sa bhliain 1566. Bheadh sé ina fhiontraí cliste in Éirinn agus bhainfeadh sé leas as treascairt na tiarnaí Gaelacha. Rinne sé staidéar ar an dlí ach bhí fonn air dul thar lear chun eolas a fháil ar an saol. Bheartaigh sé ar dhul go dtí Éire, tír fhiáin mar a mbeadh deis aige dul chun cinn sa saol. I mBaile Átha Cliath fuair sé pátrúnacht ó dhaoine mór le rá, ar nós Rúnaí an Stáit, an Ridire Geoffrey Fenton.

Tháinig sé go tráthúil. Bhí éirí amach Iarla Dheasmhumhan curtha faoi chois agus bhí tailte ann le coigistiú. Bhí deis ag Boyle tairbhe a bhaint as a chuid oiliúint dlí mar eisatóir – duine a dhéanfadh cearta na Coróineach a dheimhniú agus maoin a athghabháil. Bhí Boyle seiftiúil agus d'éirigh leis cuid den mhaoin sin a choinneáil aige féin.

Tharraing sé naimhde air féin agus é ag dul chun cinn sa saol mar sin. Is minic a cuireadh i briosún é agus caimiléireacht curtha ina leith. D'éirigh leis riamh é féin a fhuascailt, cé gur fágadh smál ar a chlu.

Phós sé Joan Apsley, bean óg uasal, i Luimneach sa bhliain 1595 – cleamhnas a rinneadh ar son na maoin, is dócha, ar nós a lán eile. Cailleadh í féin agus a leanbh, áfach, agus bhí Cúige Mumhan suaite ag an am de bharr reibiliúin mhóir. Chuaigh Boyle chun Sasana. Nuair a tháinig sé ar ais bhí post tábhachtach aige. Cheannaigh sé eastát agus phós sé Katherine Fenton, 'the only daughter of Sir Geoffrey Fenton, principal Secretary of State and Privy Councillor in Ireland,' sa bhliain 1603. Rugadh cúigear déag clainne dóibh. Bhain sé le huaisle nua na hÉireann anois agus bhunaigh sé tionscail agus scoileanna.

Sa bhliain 1620 rinneadh Iarla Chorcaí de. Fuair sé bás sa bhliain 1643 agus é fíorshaibhir.

## **An saol Gaelach**

Tháinig bá éigin ag Boyle le hÉirinn. Bhí cuiditheorí agus searbhóntaí Éireannacha aige. Rinne sé iarracht ar ghinealach dúchasach a bheartú dó féin agus bhí caidreamh aige ar a chomharsana Gaelacha.

Ní raibh Gaeilge aige féin ach thuig sé cén tábhacht a bhí léi. D'fhéach sé chuige go dtabharfaí ceachtanna Gaeilge dá chlann mhac. Bhí sí go maith ag Roger, an mac ba shine aige, ach fuair Roger bás agus é naoi mbliana d'aois. Ní raibh spéis ag an gcuid eile sa teanga.

Bhí baint aige leis na Feiritéaraigh, muintir de chuid na Sean-Ghall in iarthar Chiará, agus go háirithe le Piaras Feiritéar, file mór Gaeilge. Bhí na Feiritéaraigh mar thionóntaí aige, agus déanann Piaras tagairt ómósach don Iarla ina chuid filíochta.

## **Dícheall agus doicheall**

Bíonn doicheall roimh strainséirí ó am go ham i dtír ar bith. Ní raibh fáilte i gcónaí san Astráil roimh Iodálaigh agus Ghréagaigh, ná roimh na Vítneamaigh - na chéad 'boat people'. Ach ní bhíodh polaiteoirí agus blaoiscéirí á rá ag an am gurbh iad an phlá ba mhó a bhuail an tír riamh iad.

Faoi láthair tá coipeadh<sup>6</sup> ar dhaoine faoi na teifigh atá ag teacht aduaidh i mbáid bheaga lofa. Is deacair an ri-rá go léir a thuiscint. Is léir ó shuirbhé a rinneadh le déanaí go sileann líon mór Astrálach nach bhfuil an rialtas dian a dhóthain ar na teifigh – tuairim atá bunaithe ar mhíthuiscint. Cáinteann na smuigléirí a sheolann daoine amach i mbáid lofa, ach ní hé sin bun agus barr an scéil.

Deir Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Theifigh (atá sínithe ag an Astráil) go bhfuil ceart ag teifigh chun teacht i dtír ar lorg tearmainn<sup>7</sup>, is cuma conas a thagann siad. Is minic nach féidir le teifigh campaí dídine a bhaint amach thar lear. Dá bhrí sin ní féidir leo iad féin a chlárú mar theifigh ann. Tá an Astráil ar an mbeagán tíortha a chuireann coinneáil éigeantach<sup>8</sup> i bhfeidhm ar theifigh gan víosaí, cé nach dócha go rachaidh daoine as amharc má tá tearmann á lorg acu.

<sup>6</sup> Coipeadh – 'foaming,' agitation

<sup>7</sup> Tearmann - asylum

<sup>8</sup> Coinneáil éigeantach – mandatory detention

Tá dhá chlár díidine<sup>9</sup> ag an Astráil agus nasc eatarthu. Má thugtar víosa cosanta do dhuine a tháinig i mbád, baintear áit de dhuine a cláraíodh thar lear. Ba cheart an nasc seo a dhéanamh an-soiléir nó é a bhriseadh ar fad.

Ní dócha go mbeadh teifigh ag plódú isteach orainn. Is oileán í an Astráil agus is deacair teacht i dtír ann. Ní baol do shlándáil na tíre iad ach oiread; ní dhiúltaíonn an Australian Security and Intelligence Organisation (ASIO) ach do bheagáinín díobh.

Faoi láthair cuirtear teifigh á bpróiseáil i lárionaid i Nua-Ghuine Phapua agus i Nárú. Deir tuairiscí na Náisiún Aontaithe go bhfuil drochbhail ar na háiteanna sin agus gur cosúil le príosúin iad. Níl na polaiteoirí in ann a mhíniú conas a chuireann an leatrom agus an drochíde le clú agus cosaint na tíre.

Achrann, cogadh agus drochúsáid is mó is cúis le daoine a bheith ag éalú agus ní furasta dóibh tearmann a fháil. Ó thaobh an riaracháin de, bheadh sé níos éifeachtaí agus níos saoire iad a phróiseáil san Astráil féin. Níl aon toradh ar an gcoipeadh mór ach beartais<sup>10</sup> a bhfuil rian an mhearbhaill orthu.

---

<sup>9</sup> Clár díidine – refugee program

<sup>10</sup> Beartais - policies